# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Teresa RIBERA

## Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Ar feadh mo ghairme ar fad, a bhain leis an tseirbhís phoiblí den chuid is mó, bhí mé tiomanta leas coiteann na hEorpa a chur chun cinn. Táim lánchinnte de go bhfuil sé tábhachtach beartais eacnamaíocha agus chomhshaoil a ailíniú chun sochair shóisialta, rathúnas eacnamaíoch, gnóthachain iomaíochais agus maoirseacht chomhshaoil a chur ar fáil. Chun claochlú eacnamaíoch fónta éifeachtach a áirithiú, ní mór tacaíocht leathan a fháil ón tsochaí, tacaíocht atá bunaithe ar idirphlé agus ar chomhthoil leathan.

Go deimhin, i mo cháil mar Leas-Phríomh-Aire agus Aire um Aistriú Éiceolaíoch na Spáinne, i mo cháil mar Státrúnaí Comhshaoil, agus i mo cháil mar Ard-Stiúrthóir Oifig na Spáinne um Athrú Aeráide, chaith mé mo dhúthracht le daoine a thabhairt le chéile a bhfuil tuairimí éagsúla acu agus atá ag súil le rudaí éagsúla, chun dul chun cinn a áirithiú agus chun bogadh chun tosaigh. Tá mo chuid iarrachtaí dírithe i gcónaí ar bhacainní a shárú, ar sheasaimh dhifriúla a réiteach, ar an iliomad tosca a fhí le chéile agus ar réitigh atá ceaptha ar bhealach uilíoch a lorg.

A bhuí leis an bpáirt ghníomhach a ghlac mé sa chaibidlíocht maidir leis an aeráid, d’fhoghlaim mé go mbíonn cur chuige ilghnéitheach ag teastáil i leith dúshláin chasta agus gur gá réimsí éagsúla (fuinneamh, an aeráid, an comhshaol, earnáil na tionsclaíochta, airgeadas, srl.) a thabhairt le chéile. An taithí a fuair mé mar Stiúrthóir na hInstitiúide um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Caidreamh Idirnáisiúnta, chuir sí ar mo chumas dom rannchuidiú go hintleachtúil le cur in iúl an chomhaontaithe dhea-thomhaiste maidir leis an aeráid ar tháinig an comhphobal idirnáisiúnta air i bPáras in 2015.

Tá tuiscint forbartha agam ar an tábhacht a bhaineann le comhaontuithe láidre a chruthú agus a chothú agus ar an tábhacht a bhaineann lenár n-idirspleáchas a aithint. An rud is tábhachtaí, na daoine is mó a mbíonn tionchar ag beartais orthu, d’aithin mé gur gá páirt a thabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta i gcónaí. Teastaíonn cuir chuige nua le haghaidh an aistrithe i dtreo samhail nua thionsclaíoch agus eacnamaíoch agus is gá aird ar leith a thabhairt ar na daoine is mó a mbíonn tionchar orthu.

Na dúshláin atá romhainn sa lá atá inniu ann agus na dúshláin nach mór dúinn teacht rompu chun an bealach chun na todhchaí sin a réiteach, ní féidir aghaidh a thabhairt orthu astu féin mar tá siad go léir nasctha le chéile. Dá bhrí sin, creidim nach mór do choimisinéirí an Aontais oibriú mar aon mheitheal amháin, agus cur chuige straitéiseach coiteann a bheith acu atá bunaithe ar chothromaíocht agus ar chomhthoil.

Agus mé i mo Choimisinéir Eorpach, cuirfidh mé treoirlínte polaitiúla 2024-2029 an Uachtaráin thoghaí chun feidhme bunaithe ar an tuairim dhaingean seo a leanas a rinne an t-eolas dom le linn mo ghairme proifisiúnta agus polaitiúla ar fad: daoine a thabhairt le chéile agus idirphlé a chothú, sin é an bealach is iomchuí chun na spriocanna a leagaimid síos a bhaint amach.

Creidim go bhfuil na scileanna sin úsáideach go háirithe sa lá atá inniu ann, nuair is gá dúinn a bheith níos aontaithe fós chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontais, i gcomhthéacs na hiomaíochta móire domhanda atá ann, chun na bealaí is fearr a aimsiú chun ár n-iomaíochas agus ár n-earnáil tionsclaíochta a fheabhsú, chun margadh dea-fheidhmiúil a áirithiú agus chun gníomhú go tiomanta chun an méid a bhfuil saoránaigh ag súil leis a chur ar fáil ar bhealach atá ag teacht lenár luachanna.
Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Enrico Letta agus i dtuarascáil Mario Draghi, chun go n-éireoidh linn i dtimpeallacht dhomhanda na linne seo, tá margadh inmheánach dea-fheidhmiúil ag teastáil uainn chun borradh a chur faoin rathúnas, chun tomhaltóirí a chosaint agus chun éiceachóras mealltach a fhorbairt le haghaidh na hinfheistíochta, na nuálaíochta, tionsclaíocht ghlan agus na fostaíochta, chun go mbeimid san iomaíocht ar an leibhéal domhanda.
Mar Choimisinéir Eorpach, beidh mé diongbháilte freisin maidir le beartais um phaireacht inscne. Geallaim go n-urramóidh mo chuid foirne an prionsabal sin agus go n-oibreoidh mé chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas idir fir agus mná. Táim tiomanta cinnte a dhéanamh de, i gcomhar leis na Comhaltaí eile den Choláiste, go mbeidh príomhshruthú an chomhionannais ag croílár an aistrithe ghlain, chóir agus iomaíoch.

Táim tiomanta a bheith ag obair i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun a áirithiú go seasfar le gealltanas rathúnais an Aontais dár nglúnta óga. Tá sé de dhualgas orainn na glúnta atá ar an saol agus na glúnta atá le teacht rannchuidiú le pláinéad sláintiúil. Dá bhrí sin, ní mór dúinn gné cothroime idirghlúine a chomhtháthú inár mbeartas a thuilleadh chun nach bhfágfar duine ar bith ar lár, i réimse na scileanna agus nó i réimse na tithíochta cuir i gcás. Táim tiomanta freisin na caighdeáin chéanna a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le leas ainmhithe agus go gcuirtear chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach iad, agus go dtugtar aghaidh san am céanna ar an inbhuanaitheacht, ar cheisteanna eiticiúla, eolaíocha agus eacnamaíocha, agus ar ionchais tomhaltóirí. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ní mór dúinn leanúint d'ardchaighdeáin dhomhanda a chur chun cinn.

Mo chonairí pearsanta agus gairmiúla, níl aon choimhlint idir iad agus na freagrachtaí a ghlacfainn orm féin mar Choimisinéir Eorpach. Níl aon leas príobháideach agam i saol an airgeadais ná sa saol corparáideach. Tuigim go hiomlán an fhreagracht atáim a ghlacadh orm féin, agus níl aon rud sa bhealach orm, ná ní bheidh aon rud, a tharraingeodh m'aird ó phrionsabal na neodrachta. Bheinn go hiomlán tiomanta do leas coiteann shaoránaigh na hEorpa. Má thagann coinbhleacht leasa chun cinn amach anseo agus mo chuid dualgas mar Choimisinéir á gcomhlíonadh agam, cuirfidh mé an tUachtarán von der Leyen ar an eolas gan mhoill.

Duine dícheallach measúil mé atá feasach ar na spriocanna agus ar na hinniúlachtaí a leagtar amach i gConarthaí an Aontais, agus atá tiomanta dóibh. Tá rúndacht caomhnaithe agam ar bhealach díograiseach neamhspleách le linn mo ghairme, agus déanfaidh mé amhlaidh amach anseo. Gheallfainn a bheith dílis do chosaint agus cur chun feidhme Chonarthaí an Aontais agus ghníomhóinn ar bhealach neodrach neamhspleách ar leas na mBallstát aonair, an tír a d'ainmnigh mé san áireamh.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Geallaim go gcoinneoidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas i rith an ama maidir leis na réimsí atá faoi mo chúram. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go leanfar an cur chuige sin go comhsheasmhach i gcás mo shainchúraimí trí chéile, i ndlúthchomhar leis na Comhaltaí eile den Choláiste agus leis na seirbhísí ábhartha, go háirithe leis na Coimisinéirí sa bhraisle 'Aistriú glan, cóir agus iomaíoch', chun trédhearcacht agus sreabhadh faisnéise leis an bParlaimint a áirithiú.

Glacfaidh mé an fhreagracht orm féin agus beidh mé cuntasach as na cinntí a dhéanann an Coimisiún mar Choláiste. Agus an méid sin á dhéanamh agam, beidh meas agam ar shaoránaigh na hEorpa, agus sin é an rud is tábhachtaí ar fad. Tabharfaidh mé cuairt ar na Ballstáit go rialta, ceantair lasmuigh de na príomhchathracha san áireamh.

I dteannta a chéile, ní mór dúinn oibriú níos tapúla agus dul níos faide ar mhaithe le rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa. Ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh aistriú glan, cóir agus iomaíoch a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do gach saoránach, agus a áirithiú go n-oibreoidh margaí ar bhealach níos fearr do thomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa. Chun é sin a dhéanamh, ní mór na hionstraimí ar fad atá ar fáil a úsáid ar bhealach a thugann lánurraim do Chonarthaí an Aontais agus atá comhleanúnach comhordaithe.

Beidh ról tábhachtach ag an mbeartas iomaíochta, in éineacht le huirlisí beartais ábhartha eile de chuid an Aontais agus uirlisí beartais náisiúnta. Trí dhálaí córa agus cothrom na Féinne sa Mhargadh Aonair a áirithiú, rannchuidítear ó thaobh praghsanna níos ísle a bheith ann, sin agus nuálaíocht níos tapúla, chomh maith le geilleagar níos athléimní. Cuidíonn sé sin leis an Eoraip a dhéanamh níos iomaíche sa gheilleagar domhanda, go háirithe sna hearnálacha níos nuálaí, agus tacaíonn sé leis an Aontas maidir leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Is fíor an rud céanna maidir leis an aistriú cóir: má bhraitear ar mhargaí iomaíocha, cuideofar linn ár spriocanna a bhaint amach ar bhealach níos tapúla, níos cothroime agus níos éifeachtúla, agus ní fhágfar aon duine ná aon áit ar lár.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus glacfaidh mé páirt in idirphlé oscailte struchtúrtha atá bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach. Beidh mé trédhearcach faoin réasúnaíocht beartais, faoin gcúlra eacnamaíoch agus faoin smaointeoireacht fhoriomlán as a n-eascróidh ár rialacha agus ár gcinntí. Sa chomhthéacs sin, geallaim go nglacfaidh mé páirt go rialta i gcruinnithe coiste agus i malartuithe iomlánacha maidir le hábhair a bhaineann le mo shainchúraimí, agus go nglacfaidh mé féin páirt i gcaibidlíocht thríthaobhach thábhachtach.

I gcomhar le mo chuid seirbhísí, beidh mé sásta páirt a ghlacadh i bplé neamhfhoirmiúil le Feisirí trí Mheithleacha Coiste agus trí Chruinnithe Oscailte na gComhordaitheoirí a eagraíonn rúnaíochtaí na gCoistí ábhartha, agus beidh mé sásta dul i mbun idirphlé déthaobhach le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Leanfainn de gach modh atá ar fáil a úsáid chun páirtithe leasmhara agus an pobal a choinneáil ar an eolas agus chun go mbeidís rannpháirteach. Beidh aon togra beartais suntasach faoi réir comhairliúchán poiblí.

Tá muinín agam go n-oibreoimid as lámh a chéile in atmaisféar ina mbeidh iontaoibh fhrithpháirteach iomlán. Is féidir libh brath orm.

Gheall an tUachtarán toghaí von der Leyen go ndéanfaidh a Coimisiún obair leantach ar rúin ón bParlaimint. Aontaím go huile is go hiomlán leis an gcuspóir sin. Chuige sin, más ábhartha, aon rún faoi Airteagal 225 a thagann faoi mo shainchúram agus a fhéadfaidh d’institiúid a ghlacadh, eagróidh mé idirphlé struchtúrtha libh, chun plé a dhéanamh ar conas é a thabhairt ar aghaidh, agus áiritheoidh mé go dtabharfaidh an Coimisiún freagra ar na rúin sin laistigh de 3 mhí tar éis a nglactha.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

**Státchabhair**

*3. Tá sé de chúram ort creat nua Státchabhrach a fhorbairt mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an chothromaíocht cheart a aimsiú idir tacaíocht a thabhairt don bheartas tionsclaíoch agus iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta a choinneáil? An aithníonn tú na rioscaí a bhaineann le hilroinnt an mhargaidh aonair a eascraíonn as spás fioscach éagsúil na mBallstát? Cad iad na coimircí chun saobhadh margaidh agus geilleagair a bhfuil acmhainní fioscacha níos lú acu a chosc, dar leat?*

I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart Státchabhair a dhíriú ar theipeanna margaidh agus níor cheart róchúiteamh, plódú maoinithe phríobháidigh ná saobhadh míchuí iomaíochta eile a bheith ann sa Mhargadh Aonair dá barr. Mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé na prionsabail sin a fhorfheidhmiú, agus áiritheoidh mé cóir chomhionann do na Ballstáit ar fad. Táim lántiomanta don chothrom iomaíochta san Aontas Eorpach. Sin é is bonn don aistriú glan, cóir agus iomaíoch. Le blianta beaga anuas, chuir an beartas Státchabhrach ar chumas gheilleagar na hEorpa agus a ghnólachtaí dul i ngleic le géarchéimeanna a tháinig chun cinn i ndiaidh a chéile. Tá forbairt

mhór tagtha air freisin chun go mbeadh sé ag teacht le cuspóirí beartais an Aontais, cuir i gcás an t-aistriú dúbailte éiceolaíoch agus digiteach agus an athléimneacht a chumasú.

Ar an mbonn sin, sa sainordú deireanach, cheadaigh an Coimisiún cabhair fuinnimh agus chomhshaoil ó na Ballstáit arbh fhiú os cionn EUR 450 billiún í, chomh maith le Státchabhair arbh fhiú thart ar EUR 800 billiún í i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh. Na rialacha maidir le Státchabhair atá ann cheana, tá a lán deiseanna curtha ar fáil leo cheana féin chun tacú le glasú agus dícharbónú gheilleagar an Aontais agus tá na deiseanna sin á n-úsáid go forleathan ag na Ballstáit. Ní mór dúinn dul níos tapúla agus níos faide maidir leis an bhforfheidhmiú anois chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an dícharbónaithe, ní mór don Aontas gníomhú as lámh a chéile, agus leas á bhaint as acmhainní comhchoiteanna agus as slabhraí luacha Eorpacha chun barainneachtaí scála a chothú ar mhaithe le haistriú cóir costéifeachtach atá dírithe ar an nuálaíocht. Táim lánchinnte de gurb é an Margadh Aonair an tsócmhainn is fearr atá ag an Eoraip. Níl sé d’acmhainn againn rásaí fóirdheontais idir na Ballstáit a sheasamh, rásaí ina mbíonn Ballstáit móra saibhre ag gearradh faoi Bhallstáit níos lú ná iad nach bhfuil chomh saibhir céanna leo. Ní mór dúinn éiceachórais thionsclaíocha inbhuanaithe a chur chun cinn ar mhaithe leis an Aontas ar fad, agus ní mór dúinn leanúint d’fhorbairt eacnamaíoch na limistéar beagfhorbartha san Aontas a chothú trí dhreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla a chuireann comhtháthú na hEorpa chun cinn.

Is tosaíocht eile a bheidh ann nósanna imeachta maidir le measúnú Státchabhrach a shimpliú agus dlús a chur leo. Níl sé d’acmhainn againn moill ar thacaíocht ón bpobal don aistriú fuinnimh a sheasamh, ná moill ar bhearta chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú agus chun iomaíochas an tionscail sin a chumasú. Dá réir sin, agus de réir na litreach misin a cuireadh chugam, forbróidh mé creat nua um rialú Státchabhrach chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit Státchabhair mhear éifeachtach a chur ar fáil mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Bainfidh an creat sin leas as an taithí a fuarthas ón gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe agus beidh sé bunaithe ar na cuspóirí seo a leanas: i) dlús breise a chur le rolladh amach na giniúna fuinnimh in-athnuaite; ii) dícharbónú tionsclaíoch agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur in úsáid, go háirithe le haghaidh earnálacha dianfhuinnimh, agus iii) acmhainneacht mhonaraíochta leordhóthanach a áirithiú le haghaidh na teicneolaíochta glaine san Eoraip, go háirithe i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfar infheistíochtaí den sórt sin a atreorú chuig tríú tíortha mar gheall ar fhóirdheontais atá ar fáil ansin. Agus an méid sin á dhéanamh agam, áiritheoidh mé go gcaomhnófar cuspóirí comhtháthaithe an Mhargaidh Aonair agus a shláine.

**Cumaisc**

*4. Cad iad na hathruithe a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis an ‘gcur chuige nua i leith an bheartais iomaíochta’, agus conas is féidir é a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an mbeartas tionsclaíoch? An bhfuil tú sásta leis an staid reatha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin um Chumaisc? Dá bhféadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh freisin ar chumaisc atá faoi bhun na tairsí fógartha, an mbeifeá i bhfabhar an mhéid sin? Conas a chosnóidh tú nuálaithe an Aontais ar dhíoth-éadálacha nó ar éadálacha gnóthas atá lonnaithe san Aontas ag fiontair atá faoi úinéireacht stáit atá lonnaithe ar an gcoigríoch agus a fhaigheann tacaíocht agus fóirdheontais óna rialtas ar bhealaí a thoirmisctear le rialacha mhargadh aonair an Aontais i gcás eintitis an Aontais?*

Sa sainordú roimhe seo, rinneadh cuid mhaith oibre cheana féin chun a áirithiú go mbeadh gach ionstraim iomaíochta (rialú cumasc, rialú in aghaidh trustaí agus rialú Státchabhrach) dírithe ar iomaíocht chóir a chosaint agus go mbeidís ag teacht leis na cuspóirí a bhaineann le geilleagar glas, digiteach agus athléimneach an Aontais. Chuir an Coimisiún ionstraimí nua leis chun dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn sa Mhargadh Aonair, go háirithe geatóirí digiteacha (an Gníomh um Margaí Digiteacha) agus éifeachtaí saofa fóirdheontas eachtrach (an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha). Ach mar gheall ar na dúshláin atá roimh gheilleagar an Aontais, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta. Ní mór na hionstraimí nua sin a chur chun feidhme go hiomlán. Tá ról comhlántach ag an iomaíocht agus ag beartais eile, amhail beartas tionsclaíoch, beartas trádála nó beartas buiséadach, maidir le hiomaíochas fadtéarmach agus fás eacnamaíoch a chothú. Mar a aithnítear i dtuarascáil Draghi, ní bheadh aon iomaíochas ann murach iomaíocht éifeachtach i ngeilleagar margaidh. Ba cheart tuilleadh nuálaíochta a bheith mar thoradh ar fhorfheidhmiú cuí an bheartais iomaíochta agus is féidir a áirithiú leis an bhforfheidhmiú sin go mbeidh beartas tionsclaíoch na hEorpa níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí trí chuidiú leis na dreasachtaí cearta a shocrú.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, i gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin Von der Leyen agus leis an litir mhisin a cuireadh chugam, déanfaidh mé an beartas iomaíochta a nuachóiriú a thuilleadh, trí dhíriú ar thrí phríomhchuspóir fhoriomlána.

Ar an gcéad dul síos, déanfaidh mé na próisis a shimpliú agus a bhrostú go mór chun go mbeidh siad éifeachtach i dtimpeallacht dhinimiciúil an lae inniu. Níl sé d'acmhainn againn moill ar an tacaíocht riachtanach ón bpobal a sheasamh, tacaíocht don aistriú fuinnimh as a dtiocfaidh praghsanna níos ísle nó bearta chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú, rud a chuirfidh ar a gcumas leanúint de bheith san iomaíocht ar an leibhéal domhanda. Sa chás sin, ní mór dúinn na coinníollacha maidir le Státchabhair a fhormheas a shimpliú a thuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, níl sé d'acmhainn againn imscrúduithe rófhada in aghaidh trustaí a sheasamh, imscrúduithe ar lena linn a leanann cuideachtaí de thairbhe a bhaint as a gcleachtais fhrithiomaíocha. Ní mór dúinn a bheith níos éifeachtaí trí mheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe ba cheart a bheith i nuashonrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacha nós imeachta, bunaithe ar an meastóireacht leanúnach ar an gcreat nós imeachta le haghaidh imscrúduithe in aghaidh trustaí. Is cleachtadh é sin ar cheart do Pharlaimint na hEorpa leanúint de dhlúthpháirt a bheith aici ann, ar ndóigh. Ar deireadh, ní mór dúinn a áirithiú go bhfuilimid solúbtha a dhóthain chun beartas iomaíochta a fhorfheidhmiú i saol digiteach an lae inniu. Tá ról lárnach ag an aistriú digiteach maidir le dlús a chur le méadú táirgiúlachta san Eoraip arís, agus tá sé ríthábhachtach go ndéanfar beart go tráthúil chun margaí oscailte dea-fheidhmiúla a choinneáil ar bun ar mhaithe le gníomhaithe digiteacha nua agus ar mhaithe le réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ar fud ár ngeilleagair.

Ar an dara dul síos, neartóidh mé forfheidhmiú na hiomaíochta agus féachfaidh mé chuige go mbeidh sé níos spriocdhírithe. Mar shampla, áiritheoidh mé go bhforfheidhmeofar rialacha iomaíochta go dian agus go mbeidh ár ngníomhaíochtaí dírithe ar na bearta cabhracha nó ar na cleachtais ghnó is mó is cúis le saobhadh. Os a choinne sin, tabharfaidh mé réamhthreoraíocht agus laghdóidh mé an rómhaorlathas orthu chun bearta poiblí nach gcruthaíonn fadhbanna a chur chun feidhme agus chun cuidiú le comhar ar son na hiomaíochta idir gnólachtaí a chumasú. Ar an gcaoi chéanna, iarrfaidh mé go ndéanfar an Gníomh um Margaí Digiteacha a fhorfheidhmiú go dian, rud a mhúnlóidh beartas an Choimisiúin maidir leis an ngníomh tábhachtach nua sin, chun torthaí nithiúla a bhaint amach d'úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh na hEorpa.

Ar an tríú dul síos, áiritheoidh mé go ndéanfar an beartas iomaíochta a ailíniú a thuilleadh le tosaíochtaí an Aontais ar bhealach éifeachtach. Ar ndóigh, cumhdaíonn sé sin rannchuidiú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ar mhaithe le geilleagar Eorpach inbhuanaithe iomaíoch agus lenár Margadh Aonair a dhoimhniú. Cumhdaíonn sé freisin infheistíochtaí a chur chun cinn trí oibriú le Comhaltaí eile den Choláiste chun na critéir a ailíniú, critéir trínar féidir cistiú príobháideach, cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta a chomhcheangal ar an mbealach is éifeachtúla.

Maidir le rialú cumasc go sonrach, bhí dearcadh fabhrach ag an Aontas go traidisiúnta ar chomhdhlúthú an mhargaidh agus ar na tairbhí is féidir leis a chur ar fáil – ach is eisceacht shoiléir an cás ina mbíonn comhdhlúthú ina bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach, go háirithe toisc go mbíonn cumhacht iomarcach sa mhargadh mar thoradh air, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do gheilleagar iomlán an Aontais, agus FBManna agus, ar ndóigh, tomhaltóirí san áireamh. An cuspóir bunúsach chun bac a chur ar chruinniú iomarcach cumhachta margaidh, cé nach mór an cuspóir sin a choinneáil i bhfeidhm, ní mór leanúint de rialú cumasc an Aontais a fhorbairt chun riachtanais agus dálaí comhaimseartha a chur san áireamh, cuir i gcás an domhandú, an digitiú, an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht agus an athléimneacht. Ba cheart athruithe ar scála éifeachtúil i gcás gníomhaíochtaí dianinfheistíochta, nó ar raon feidhme geografach oibríochtaí na ngnólachtaí iomaíocha, a chur san áireamh. Ba cheart aird a thabhairt ar thoilteanas na gcustaiméirí, le himeacht ama, soláthróirí nua a d'fhorbair táirgí i réigiúin eile a chur san áireamh, nó béim a leagan ar sholáthróirí áitiúla atá níos iontaofa agus ar féidir brath orthu. Tá gá le hoiriúnú leanúnach chun go leanfaidh forfheidhmiú an Aontais maidir le rialú cumasc de bheith ina phríomhéascaitheoir d'iomaíochas chuideachtaí an Aontais agus lánurraim á tabhairt do na Conarthaí, nuair a oibríonn na cuideachtaí sin i margaí domhanda nó nuair a thosaíonn cuideachtaí domhanda ag teacht isteach i margaí na hEorpa. Cé gur tríd an gcinnteoireacht a dhéantar cuid mhór d'fhorbairtí den chineál sin, an creat dlíthiúil atá mar bhonn taca aige sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh sé de bheith nua-aimseartha agus oiriúnach dá fheidhm.

Dá bhrí sin, an cúram a luaitear sa litir mhisean a cuireadh chugam, an cúram maidir leis an mbeartas iomaíochta a nuachóiriú go sonrach i dtaca le rialú cumasc, táim tiomanta é a chomhlíonadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir le Cumaisc Chothrománacha i gcomhréir le mo litir mhisin. Tá sé mar aidhm agam a áirithiú go leagfaidh rialú cumasc an bhéim cheart ar riachtanais gheilleagar an Aontais agus go léireoidh sé cuspóirí beartais foriomlána agus dálaí an mhargaidh, mar shampla éifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. An t-athbhreithniú sin, bheadh sé á threorú ag nuálaíocht, infheistíocht agus athléimneacht go príomha.

San am céanna, tá rún daingean agam an bealach is fearr a aimsiú go pras chun a áirithiú, 'díoth-éadálacha' sprioc-chuideachtaí a bhfuil láimhdeachas íseal acu nó nach bhfuil aon láimhdeachas acu ach a bhfuil acmhainneacht iomaíoch agus nuálach ard acu, nach n-éalóidh siad ó scrúdú faoi rialacha cumaisc an Aontais, toisc nach sroicheann siad na tairseacha fógartha atá bunaithe ar láimhdeachas. Tá sé sin ríthábhachtach chun an nuálaíocht

agus an t-iomaíochas san Aontas amach anseo a chosaint. Chuige sin, féachfaidh mé ar na roghanna ar fad gan aon ualach riaracháin breise ná éiginnteacht dhlíthiúil nach bhfuil gá leis a chruthú do chuideachtaí.

Taobh amuigh de sin, déanfaidh mé an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhorfheidhmiú go dian chun an Margadh Aonair a chosaint ar fhóirdheontais shaobhacha ó thíortha nach tíortha Eorpacha iad, go háirithe an chuid den reachtaíocht sin a bhfuil feidhm aici maidir le comhchruinnithe. Agus an méid sin á dhéanamh agam, déanfaidh mé mo sheacht ndícheall chun go mbeidh cothrom iomaíochta domhanda ann do chuideachtaí Eorpacha, in éineacht le Comhaltaí eile den Choláiste agus leis na Ballstáit atá freagrach as uirlisí eile, cuir i gcás scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche agus ionstraimí cosanta trádála.

**Tuarascáil Draghi**

*5. An nglacfaidh tú bearta chun 'Uirlis Nua Iomaíochta' a fhorbairt, mar a mholtar i dtuarascáil Draghi, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha iomaíochta, agus aird ar leith á tabhairt ar chatagóirí íogaire tomhaltóirí? Cad iad na tograí iomaíochta eile i dTuarascáil Letta agus Tuarascáil Draghi a dtacófá lena gcur chun feidhme? Cén ról ba cheart a bheith ag an mbeartas iomaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhinimic bhoilscithe?*

Leagtar béim i dtuarascáil Letta agus i dtuarascáil Draghi ar a thábhachtaí atá sé d'iomaíochas an Aontais an Margadh Aonair a dhoimhniú trí iomaíocht a chothú agus cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun. Tacaím go hiomlán leis an sprioc phráinneach an Margadh Aonair a dhoimhniú, agus príomhearnálacha straitéiseacha san áireamh, chun scála a bhaint amach. Agus aontaím go mór go mbaintear an bonn de spreagthaí an fháis, na hinfheistíochta agus an iomaíochais Eorpaigh nuair a bhaintear an bonn de rialacha iomaíochta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, díreoidh mé ar fhorfheidhmiú na hiomaíochta a nuachóiriú agus a neartú, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam agus aird chúramach á tabhairt agam freisin ar mholtaí an dá thuarascáil.

An togra le haghaidh 'Uirlis Nua Iomaíochta' atá i dtuarascáil an Ollaimh Draghi, tarraingíonn sé aird ar fhadhbanna struchtúracha i margaí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní maidir le claonpháirteachas intuigthe, leochaileacht tomhaltóirí nó spleáchais iomarcacha mar shampla, gan sárú soiléir ar rialacha iomaíochta a bheith i gceist leo sin. Creidim gur fiú machnamh domhain a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh sásra nua um staidéar imscrúdú margaidh fadhbanna den sórt sin a shainaithint i réimsí sonracha, agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé iad a réiteach go húsáideach ar bhealach atá tíosach ar acmhainní, i gcomhar le hoibreoirí margaidh ábhartha agus ar bhealach a chomhlánaíonn na huirlisí atá ann cheana i ndlí iomaíochta an Aontais agus sa dlí iomaíochta náisiúnta, mar a treisíodh le déanaí leis an nGníomh um Margaí Digiteacha agus leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Ba cheart é a bheith mar thagarmharc ag aon 'Uirlis Nua Iomaíochta' gur féidir léi torthaí éifeachtacha a bhaint amach, gan an forfheidhmiú i gcoinne sáruithe ar na rialacha iomaíochta atá ann cheana a lagú ná an intuarthacht do ghnólachtaí a lagú go hábhartha.

Ar deireadh, cé nach uirlis frithbhoilsciúcháin go baileach é forfheidhmiú na hiomaíochta, agus nach féidir leis dul i ngleic go díreach le spreagthaí boilsciúcháin ar nós borradh faoin éileamh nó ganntanas, is féidir leis a áirithiú nach mbainfidh oibreoirí margaidh leas as suaitheadh chun praghsanna a mhéadú os cionn leibhéil iomaíocha nó praghsanna a choinneáil ard go saorga nuair a bhíonn gnáthdhálaí margaidh ann arís agus nuair ba cheart laghdú a bheith tagtha ar phraghsanna arís. Trí mhargaí iomaíocha agus inchoimhlinte a chothú, is féidir le beartas iomaíochta an Aontais cuidiú le méaduithe ar phraghsanna a chosc nó le laghduithe ar phraghsanna a éascú. Tá sé sin ábhartha i bpríomh-mhargaí a bhfuil an róspleáchas ar sholáthróir amháin nó ar fhíorbheagán soláthróirí ina bhagairt orthu. Má dheimhnítear m'ainmniúchán don ról seo, tá rún agam aird iomlán a thabhairt ar chásanna den sórt sin.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia</u>

*6. Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go gcuirfear an acquis comhshaoil agus an Comhaontú Glas chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil, go háirithe maidir leis an reachtaíocht 'Oiriúnach do 55'? Conas a chuirfidh tú an cúram sin chun feidhme 'ar an mbealach is simplí, is cothroime agus in idirphlé leis na geallsealbhóirí uile' mar a luaitear i do litir mhisin, agus iomaíochas á áirithiú, aird á tabhairt ar staid shonrach FBManna freisin, agus aistriú cóir á áirithiú ag an am céanna? Cad iad na bearnaí atá fós ann agus cad iad na neamhréireachtaí rialála nó an forluí atá fós le feiceáil mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus i mbeartais ghaolmhara, agus cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun aghaidh a thabhairt orthu sin?*

Le linn an tsainordaithe dheireanaigh, chuir an Coimisiún creat dlíthiúil nach bhfacthas a leithéid roimhe chun tosaigh chun an tAontas a chur ar bhealach na haeráidneodrachta faoi 2050. Creat uaillmhianach den sórt sin a ghlacadh, i gcomhthéacs géarchéimeanna domhanda amhail paindéim COVID-19 agus briseadh amach an chogaidh san Úcráin, is léiriú é sin ar thiomantas na hEorpa a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Comhaltaí ábhartha an Choláiste chun faireachán rialta a dhéanamh ar an gcur chun feidhme chun a áirithiú go mbainfimid amach na cuspóirí a leagtar síos. Comhlánófar é sin le hidirphlé cur chun feidhme a thógfaidh ar an taithí mhaith a fuarthas go dtí seo i gcainteanna le páirtithe leasmhara a rinneadh de réir cur chuige slabhra luacha, agus na réigiúin, na pobail áitiúla agus na comhpháirtithe airgeadais agus sóisialta san áireamh. Más gá, is féidir linn treoir a ullmhú, chomh maith le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin nuair is iomchuí. Tá rún agam comhoibriú go dlúth leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar, Táirgiúlacht, Cur Chun feidhme agus Simpliú, chun maoirseacht a dhéanamh ar thástálacha struis ar *acquis* an Aontais i réimse mo fhreagrachta. Sa chomhthéacs sin, beimid i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun bearnaí, neamhréireachtaí agus ualach rialála neamhriachtanach a shainaithint.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, pleananna atá ríthábhachtach chun spriocanna 'Oiriúnach do 55' a bhaint amach ar an láthair, agus aird á tabhairt ar bhearnaí sa chaoi a chuireann na Ballstáit an creat chun feidhme.

Maidir le beartais chomhshaoil, rachaidh mé i mbun plé leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile chun na príomhréimsí ina bhfuil gá le hathchóirithe struchtúracha a shainaithint chun neamh-chomhlíonadh leanúnach a leigheas. Éistfidh mé leis na Ballstáit, leis na réigiúin, leis na saoránaigh agus le gnólachtaí chun muinín a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh torthaí ar na dlíthe a rachaidh chun tairbhe do na saoránaigh. Féachfaidh mé le bearta a dhéanamh chun an acmhainneacht riaracháin a neartú ar gach leibhéal – ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil – agus tacóidh mé leo siúd atá i gceannas ar an gcur chun feidhme chun foghlaim ó thaithí a chéile. Cé gur fearr cosc ná leigheas, agus muid ag obair leis na Coimisinéirí ábhartha, ní bheidh aon drogall orainn nósanna imeachta um shárú a úsáid freisin. Díreoimid ar fhadhbanna struchtúracha sistéamacha a bhaineann le neamh-chomhlíonadh i gcás ina bhfuil an breisluach is mó ag gníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin. Go háirithe, áiritheoimid go ndéanfar Treoracha an Aontais a thrasuí go hiomlán agus i gceart.

Thairis sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé aird ar leith ar reachtaíocht cur chun feidhme agus ar reachtaíocht tharmligthe atá ar na bacáin. Ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint, an prionsabal 'tuairiscigh uair amháin' a urramú agus gan ceanglais tuairiscithe a dhúbláil, beidh sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar na pointí sin. Is éard atá i gceist le simpliú feabhas a chur ar bheartais Eorpacha agus spriocanna beartais a bhaint amach ar an mbealach is lú ualach agus is costéifeachtaí is féidir, agus tá beartais chomhthacúla chomhleanúnacha ag teastáil dó sin. Ar ndóigh, ba cheart gníomhartha nua a bheith ina ndea-shampla de reachtaíocht shimplí, thapa agus éifeachtach.

Chun spriocanna aeráide agus comhshaoil 2030 a bhaint amach, oibreoidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch agus leis na Coimisinéirí a bheidh ag obair faoi mo threoir chun tograí agus tionscnaimh roghnaithe nua a chur chun tosaigh, cuir i gcás na cinn a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach, leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, leis an bpacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán agus le creidmheasanna dúlra.

*7. Cad iad na gníomhaíochtaí sonracha a mholfaidh tú chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú i dtreo Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, agus cad iad na naisc, dar leat, idir na trí ghné sin de do shainchúraimí? Cad iad na gníomhaíochtaí sonracha nua atá beartaithe agat a mholadh mar chreat cumasúcháin chun tacú leis na spriocanna aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus lena gcumhdófar gach earnáil den gheilleagar? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat timpeallacht rialála agus infheistíochta níos cuíchóirithe agus níos tacúla a chruthú chun infheistíocht agus nuálaíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid agus glacadh teicneolaíochtaí glana a spreagadh, lena n-áiritheofar aistriú cóir do chách? Cén cineál beart a mholfaidh tú chun na hinfheistíochtaí is gá a shlógadh don aistriú sin, lena n-áirítear do FBManna, chun tacú leis na geallsealbhóirí uile lena mbaineann, go háirithe gnólachtaí, oibrithe agus teaghlaigh? Cén seasamh atá agat ar an leasú spriocdhírithe ar an rialachán lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna?*

Cuireann an t-aistriú glas deiseanna fáis móra ar fáil do gheilleagar na hEorpa agus tá sé léirithe ag an Aontas gur féidir OTI a mhéadú agus astaíochtaí CO2 á laghdú san am céanna. Mar sin féin, tá dúshláin agus éiginnteachtaí ag baint leis an aistriú sin freisin do roinnt mhaith earnálacha agus oibrithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán,

comhoibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun a áirithiú go mbeidh ár dtionscnaimh ailínithe go maith agus go n-oibreoidh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin as lámh a chéile chun go mbeidh rath ar aistriú glan na hEorpa, gan aon duine ná aon áit a fhágáil ar lár. I gcomhréir le cuspóirí dlíthiúla an Chiste Aeráide Shóisialta, ba cheart tacú leis na daoine is leochailí trí chur chun feidhme an Chiste sin.

I ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan chun iomaíochas thionscal an Aontais a neartú agus dlús a chur le dícharbónú na hEorpa, tá sé beartaithe agam oibriú leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch. Ní mór an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bheith cuimsitheach agus uirlisí an Aontais maidir leis an rathúnas, leis an iomaíochas, leis an dícharbónú agus leis an gcothroime shóisialta a thabhairt le chéile, agus sineirgí eatarthu á bhforbairt. Díreoidh an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ar an gcás gnó le haghaidh dícharbónú a neartú agus ar thacaíocht a thabhairt don earnáil tionsclaíochta agus í ag iarraidh a bheith nuálach agus uas-scálú a dhéanamh. Cuirfidh sé sraith tionscnamh i láthair a bheidh dírithe ar phróisis riaracháin a shimpliú chun an tionscal a dhícharbónú, ar chreat a bhunú chun príomh-mhargaí a fhorbairt, agus ar chistiú príobháideach a shlógadh le haghaidh an aistrithe, i measc nithe eile. Tionchar sóisialta an dícharbónaithe a bhainistiú go leordhóthanach trí dhá chomhpháirt: an t-aistriú cóir (ar an leibhéal críochach/réigiúnach) agus an t-aistriú cothrom (saincheisteanna dáileacháin níos leithne maidir leis an mbeartas aeráide). Forbróimid Plean Gníomhaíochta maidir le praghsanna fuinnimh inacmhainne do chuideachtaí agus do theaghlaigh, plean a chuirfidh gach gné de phraghsanna fuinnimh (cánachas glan agus fuinnimh agus margaí airgeadais le haghaidh tráchtearraí fuinnimh, cuir i gcás) san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar cheann de phríomh-mhíbhuntáistí iomaíocha an Aontais, agus forbróimid Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch lena ndíreofar ar thionscail dianfhuinnimh. Tacóidh an Gníomh sin le teicneolaíocht ghlan na hEorpa a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh sa tionscal agus cuirfidh sé dlús le próisis phleanála, tairisceana agus cheadaithe, go háirithe maidir le haistriú na dtionscal dianfhuinnimh. Neartóidh Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan ár gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta agus rachaidh siad chun tairbhe an dá thaobh. Cruthóidh sé sin creat a chuideoidh leis na cinntí infheistíochta cearta a dhéanamh chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, agus mar a leagtar amach i mo fhreagra ar cheist 3, forbróidh mé creat nua Státchabhrach freisin chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit Státchabhair thapa éifeachtach a chur ar fáil, agus róchúiteamh, plódú maoinithe phríobháidigh agus saobhadh iomaíochta míchuí eile sa Mhargadh Aonair á seachaint san am céanna. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ba cheart na dálaí cearta a chruthú (i) chun foinse fáis agus post ardcháilíochta a dhéanamh dár straitéis dícharbónaithe, (ii) chun cabhrú le cuideachtaí a bheith iomaíoch ar fud an domhain in earnálacha na teicneolaíochta glaine agus (iii) chun go mbainfidh saoránaigh tairbhe as an aistriú. Chun beartas tionsclaíoch Eorpach a bhaint amach, tá gá le hidirphlé sóisialta agus le comhfhreagracht gnólachtaí.

Is iad na Ballstáit atá mar bhonn ag geilleagar an-iomaíoch san Aontas, ach ní mór don Aontas gníomhú as lámh a chéile, seachas mar 27 mBallstát ar leithligh, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an dícharbónaithe, agus leas á bhaint as acmhainneachtaí comhchoiteanna chun barainneacht scála agus nuálaíocht a bhaint amach agus chun an t-aistriú a dhéanamh costéifeachtach.

Mar a leagtar amach i mo fhreagra ar cheist 5, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit freisin chun a áirithiú go dtabharfaidh siad a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chun críche a luaithe is féidir. Cuirfidh siad leis an togra le haghaidh sprioc aeráide 2040.

Beidh ranníocaíocht mhór ó chistí príobháideacha ag teastáil chun an creat dlíthiúil atá ann cheana a chur chun feidhme. Oibreoidh mé laistigh den Choláiste chun an meascán is costéifeachtaí de chistí príobháideacha, cistí náisiúnta agus cistí an Aontais a fhorbairt chun go mbeidh tionchar níos mó acu maidir leis an dícharbónú is gá a bhaint amach. Cuirfidh an Coimisiún Ciste Eorpach nua um Iomaíochas chun cinn freisin chun a áirithiú go ndéanfaimid infheistíocht sa nuálaíocht agus sna teicneolaíochtaí lena múnlófar ár ngeilleagar agus lena spreagfar ár n-aistrithe, agus an t-aistriú glas san áireamh. I gcomhréir leis an litir mhisin, ba cheart é sin a bheith nasctha leis na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne, agus ba cheart go dtacódh an ciste leis na tionscadail sin.

An rialachán lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna, beidh páirt lárnach aige sin agus an tAontas ag iarraidh a sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 a bhaint amach, agus an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Tá gá le beartais uaillmhianacha chun a áirithiú go dtiocfaidh laghdú tapa leordhóthanach ar astaíochtaí ó gach earnáil, agus an earnáil iompair san áireamh. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos sna caighdeáin astaíochta $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna nua spriocanna soiléire ó 2030 ar aghaidh, agus leagtar síos sprioc laghdaithe

100% ó 2035 ar aghaidh. Ní mór leictriú agus breoslaí glana a bheith ar fáil. Mar a luaitear sna Treoirlínte Polaitiúla: '*chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, beidh gá le raon leathan teicneolaíochtaí nuálacha, i réimsí ó shoghluaisteacht go fuinneamh. Mar shampla, tugann sprioc 2035 maidir le haeráidneodracht le haghaidh carranna intuarthacht d'infheisteoirí agus do mhonaróirí. Chun sin a bhaint amach, beidh gá le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, ina mbeidh ról ag breoslaí sintéiseacha trí leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar an rialachán mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe*'. Leagtar béim air sin freisin sa litir mhisin a cuireadh chuig an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan.

*8. Conas a áiritheoidh tú go mbeidh comhordú éifeachtach ann leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, chomh maith leis na Coimisinéirí atá ag obair faoi do stiúir, chun na cúraimí a luaitear i do litir mhisin a chomhlíonadh? Cad iad na tionscnaimh nithiúla a mholfaidh tú maidir leis an sprioc aeráide do 2040, leis an gcomhshaol, leis an ngeilleagar ciorclach glan agus leis an aistriú cóir? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh comhleanúnachas idir an t-aistriú glan agus baint amach na spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta ar thaobh amháin agus an beartas iomaíochta ar an taobh eile?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, áiritheoidh mé go mbeidh comhordú éifeachtach ann leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, chomh maith leis na Coimisinéirí ábhartha, chun na cúraimí a luaitear sa litir mhisin a cuireadh chugam a chomhlíonadh. Chun é sin a bhaint amach, bunóidh mé cruinnithe tráthrialta leis na Coimisinéirí agus leis an bhfoireann chun an dul chun cinn a rianú, cuspóirí a ailíniú, agus comhar a chothú, agus leas á bhaint as saineolas sheirbhísí an Choimisiúin. Reáchtálfaidh mé idirphlé tráthrialta freisin le páirtithe leasmhara, idir earnáil na tionsclaíochta agus údaráis áitiúla, idir shaol an airgeadais agus thomhaltóirí, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Féachfaidh mé le comhpháirtíocht dhlúth iontaofa le Parlaimint na hEorpa agus lena coistí agus Feisirí ábhartha a bhunú, chomh maith leis an gComhairle agus leis na Ballstáit, ar gá dóibh go léir oibriú as lámh a chéile.

Maidir le sprioc aeráide 2040, sprioc a phléim ar bhealach níos mionsonraithe i mo fhreagra ar cheist 9, beidh mé ag brath ar thorthaí an Mheasúnaithe Tionchair mhionsonraithe a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 atá molta. Cuirtear i dtábhacht sa mheasúnú sin an gá atá ann go rannchuideoidh na hearnálacha ar fad le sprioc aeráide 2040 ar bhealach cothrom costéifeachtach. Mar sin féin, braitheann luas an dícharbónaithe i ngach earnáil ar réitigh saor ó charbón a bheith ar fáil.

Chun an bealach i dtreo na haeráidneodrachta agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach, oibreoidh mé le Comhaltaí eile den Choláiste chun comhleanúnachas a áirithiú idir beartais, mar shampla rochtain ar fhuinneamh glan, deiseanna cistiúcháin, cruthú margaí tosaigh, beartas trádála, beartas iomaíochta, beartais an gheilleagair chiorclaigh, chomh maith le beartais aeráide agus chánachais.

Beidh an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach ina phríomhchuid dár n-iarrachtaí an geilleagar a dhícharbónú agus tacú leis an iomaíochas tionsclaíoch. Cuirfidh an gníomh seo patrún táirgthe níos inbhuanaithe chun cinn trí ábhair thánaisteacha a dhéanamh níos tarraingtí. D'éirigh linn fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó astaíochtaí, agus anois ní mór dúinn é a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní príomhúla. Leathnófar cur chun cinn na ciorclaíochta freisin chun forbairt creata rialála a chur san áireamh chun borradh a chur faoi úsáid níos ciorclaí carbóin, chun aistrithe carbóin a ghiniúint agus chun carbón a athúsáid i ngeilleagar an Aontais ar bhealach inbhuanaithe.

Tá sé beartaithe agam oibriú leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus um Straitéis Thionsclaíoch ar an bPacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán chun simpliú agus nósanna imeachta níos gasta a áirithiú.
Ina theannta sin comhordóidh mé an obair ar an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce ar fud chríoch an Aontais agus ar fud earnálacha eacnamaíocha éagsúla. Beidh rochtain do chách ar uisce glan ina cuid lárnach den chlár oibre um aistriú cóir, chomh maith le héifeachtúlacht uisce agus iomaíochas na dtionscal a bhaineann le huisce.

Maidir le bainistíocht talún, le fís iomlánaíoch is féidir maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach, chomh maith le talmhaíocht atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de a chruthú, agus ar an gcaoi sin athléimneacht táirgeachta talmhaíochta a fheabhsú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus sláinte ithreach a threisiú. Tá sé d'aidhm don fhís sin bithgheilleagar an Aontais a chomhtháthú a thuilleadh sa chiorclaíocht freisin.

Mar a leagtar amach i mo fhreagra ar cheist 16, ní bheidh ach foraoisí sláintiúla athléimneacha in ann an bhithmhais is gá a tháirgeadh i ngeilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus na seirbhísí éiceachórais fíor-riachtanacha a sholáthar san am céanna, mar shampla aistrithe carbóin agus bithéagsúlacht. Faoin gCreat

Deimhniúchán maidir le hAistrithe Carbóin, oibreoidh mé le mo chomhghleacaithe chun modheolaíochtaí a fhorbairt chun úsáidí inbhuanaithe bithmhaise a aithint, agus chun na tionscnaimh sin a chomhtháthú i bhforbairt na Straitéise Bithgheilleagair.

Ar deireadh, méadaíonn an t-athrú aeráide an teas foircneach, triomach, falscaithe, agus teagmhais aimsire fhoréigneacha eile agus tarlóidh siad níos minice agus déanfaidh siad níos mó damáiste dá bharr. Mura gcuirfear é sin san áireamh inár roghanna beartais, bainfear an bonn den iomaíochas agus déanfar dochar don chomhtháthú sóisialta. Sin an fáth a n-oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan maidir leis an bPlean nua Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide chun iompar criticiúil agus bonneagar an tslabhra soláthair a chosaint, agus ionchuir caipitil nádúrtha a chosaint ar rioscaí aeráide.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, beidh sé mar chuid lárnach de mo chuid freagrachtaí cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhcheangal le hiomaíochas. Chuige sin, teastaíonn intuarthacht chun gnó a dhéanamh san Eoraip agus níos faide i gcéin, cur chuige straitéiseach, tacaíocht agus dreasachtaí margadhbhunaithe, mar a léirítear i mo fhreagra ar cheist 7.

Maidir le comhleanúnachas leis an mbeartas iomaíochta: Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom a chur i bhfios go láidir go bhfuilim tiomanta, i gcomhréir le Conarthaí an Aontais, cásanna iomaíochta aonair a láimhseáil go neamhspleách agus go neamhchlaonta, agus sláine agus rúndacht na n-imscrúduithe á n-urramú go hiomlán. É sin ráite, is cuid d'uirlisí an Aontais Eorpaigh é an beartas iomaíochta, ar ndóigh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán don ról seo, áiritheoidh mé go rannchuideoidh an beartas iomaíochta, in éineacht le huirlisí beartais eile, le cuspóirí uileghabhálacha a bhaint amach, ar nós an t-aistriú glan, agus spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh. Ní mór an rialáil agus an forfheidhmiú iomaíochta oibriú i gcomhar le chéile agus a chéile a threisiú ar bhealach comhleanúnach. Mar shampla, san am a chuaigh thart, ba é an forfheidhmiú iomaíochta ba chúis le tionscnaimh rialála i roinnt mhaith réimsí, agus chomhlánaigh sé iad, chun an Margadh Aonair a dhoimhniú, agus tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh beartais fhónta iomaíochta eolas do thograí rialála. Is ar an gcúis sin a fheicim cuid mhaith sineirgí idir réimsí éagsúla mo shainchúraimí agus lánurraim á tabhairt do na Conarthaí.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh</u>

*9. Cén fhís atá agat do do shainchúraimí de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a bheith agat? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí lena nglacadh sna 5 bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartófaí iomaíochas na hEorpa leis na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe? Cad iad na bearta eile a mholfaidh tú chun aistriú glan, sóisialta, cóir agus iomaíoch a áirithiú, go háirithe sna hearnálacha is mó atá buailte? Cad iad na pleananna ar leith atá agat don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat an obair ar chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil atá ann cheana a stiúradh chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus ollstruchtúr nua a ullmhú, a luaithe a ghlacfar an sprioc laghdaithe astaíochtaí do 2040, chun sprioc an ghlan-nialais a bhaint amach faoi 2050, lena n-áiritheofar cobhsaíocht agus intuarthacht do chuideachtaí agus d'infheisteoirí Eorpacha, laghdú ar phraghsanna fuinnimh agus iomaíochas? Cad iad na bearta cumasúcháin a mholfaidh tú chun cabhrú le cuideachtaí an Aontais sprioc an ghlan-nialais a bhaint amach? Cad iad na bearta atá beartaithe agat chun laghdú a dhéanamh ar an mbearna bhliantúil san infheistíocht phríobháideach agus phoiblí de thart ar €800 billiún arna shainaithint i dtuarascáil Draghi, lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat rannpháirtíocht saoránach a neartú i do chuid oibre?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mo shainordú ar iomaíochas agus dícharbónú a chomhcheangal chun an t-aistriú glan a iompú ina fhoinse fáis agus rathúnais don Aontas. Ní mór don Aontas a dhícheall a dhéanamh aistriú glan, cóir agus iomaíoch a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do gach saoránach, agus a áirithiú go n-oibreoidh margaí ar bhealach níos fearr do thomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa, agus don phláinéad freisin. Ba cheart an Eoraip leanúint de bheith ina príomhcheann scríbe le haghaidh deiseanna infheistíochta lena gcruthaítear poist chobhsaí ar ardchaighdeán a sheasfaidh an aimsir, chomh maith le héiceachóras tionsclaíoch láidir. Déanfaidh mé an clár oibre maidir le dícharbónú a chomhordú i gcomhar le Comhaltaí ábhartha an Choláiste agus saothróidh mé beartas iomaíochta a bheidh ag teacht le spriocanna coiteanna an Aontais, rud a áiritheoidh cothrom iomaíochta. Ag gach céim, oibreoidh mé i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, le comhpháirtithe sóisialta, sna réigiúin agus i bpobail áitiúla mar shampla, agus leis na páirtithe leasmhara ar fad. Creidim gur cuspóirí doscartha iad an dícharbónú agus an t-iomaíochas agus nach mór an dá cheann a bhaint amach ar bhealach cóir.

Mar a cuireadh i dtábhacht go láidir i dTuarascáil Draghi, is féidir leis an dícharbónú a bheith ina spreagadh don iomaíochas má bhíonn na beartais go léir ailínithe go maith. Fágann sé sin nach mór dúinn a áirithiú go bhfuil ár mbeartais ceaptha chun leas a bhaint as sineirgí agus neamhréireachtaí a sheachaint. Ní mór dúinn tacú lenár n-earnáil tionsclaíochta dícharbónú a dhéanamh tríd an nuálaíocht, agus buntáiste iomaíoch a dhéanamh den aistriú. Ní bhainfimid iomaíochas fadtéarmach amach don Eoraip mura n-aistrímid ó úsáid breoslaí iontaise allmhairithe i dtreo geilleagar glan, iomaíoch agus ciorclach. Agus ba cheart déanamh amhlaidh gan mhoill. Áiritheoidh mé go mbainfimid leas as na príomhuirlisí ar fad atá ar fáil dúinn chun an t-aistriú glan a chur chun cinn: an timpeallacht ghnó a fheabhsú; infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh; praghsanna fuinnimh a laghdú. Agus mé ag baint úsáid as na huirlisí sin, áiritheoidh mé go n-urramófar prionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na Rialála Níos Fearr, agus áireofar leis sin comhairliúcháin fhorleathana, measúnuithe tionchair, agus riachtanais FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga á gcur san áireamh go sonrach.

Chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach, is é an túsphointe cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta atá ann cheana chun astaíochtaí a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030. San am céanna, ní mór dúinn conair níos fadtéarmaí a chur ar fáil maidir leis an aistriú glan. I ndáil leis an méid sin, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan chun togra reachtach le haghaidh sprioc aeráide 2040 a ullmhú go luath sa sainordú nua. A luaithe a chomhaontófar sprioc 2040, beidh sí mar bhonn don chéad Rannchuidiú eile arna Chinneadh go Náisiúnta a bheidh ag an Aontas faoi Chomhaontú Pháras. Agus an creat aeráide iar-2030 á ullmhú agam, áiritheoidh mé go dtabharfar aird ar leith ar chostéifeachtúlacht a áirithiú, rud a fheabhsóidh iomaíochas domhanda an Aontais agus a chumasóidh aistriú cóir.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomhghleacaithe ar an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan chun dícharbónú a éascú agus iomaíochas a fheabhsú, mar a leagtar amach i mo fhreagra ar cheist 7. Maidir le Státchabhair, cuirfidh mé tograí chun cinn chun forfheidhmiú an bheartais iomaíochta a shimpliú agus a spriocdhíriú agus chun ailíniú le tosaíochtaí an Aontais a áirithiú, mar a luaitear sa fhreagra ar cheist 4.

Is mór iad na ceanglais chistiúcháin le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch ach tá an infheistíocht riachtanach don iomaíochas san fhadtéarma, tá sí riachtanach freisin i bhfianaise na comparáide le costais na neamhghníomhaíochta. Cumhdóidh maoiniú príobháideach an chuid is mó de na riachtanais agus ba cheart go gcumhdódh sé iad. Chun é sin a bhaint amach, ní mór dúinn: (i) margaí caipitil príobháideacha a dhoimhniú mar a mholtar i dtuarascáil Letta agus i dtuarascáil Draghi; (ii) maoiniú inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe maoiniú um aistriú, agus (iii) iontaofacht ó thaobh brabúis infheistíochtaí dícharbónaithe a áirithiú. Le cistí poiblí, ba cheart infheistíochtaí príobháideacha a dhreasú chun riachtanais mhóra na dtionscal Eorpach a chomhlíonadh. Tá acmhainneachtaí fioscacha éagsúla ag na Ballstáit, rud a fhágann go bhfuil rialú Státchabhrach ríthábhachtach don iomaíocht chóir agus do chomhtháthú laistigh den Aontas, agus baint amach cuspóirí beartais phoiblí á chumasú san am céanna.

Chun infheistíocht phríobháideach iarbhír a dhéanamh den chistiú príobháideach, tá sé ríthábhachtach na beartais agus na ceanglais dhlíthiúla atá againn cheana a chur chun feidhme go cobhsaí. Féachfaidh mé le deiseanna a chruthú chun cistí príobháideacha, cistí náisiúnta agus cistí an Aontais a chomhcheangal ar bhealach níos éifeachtaí chun an scála cistiúcháin is gá le haghaidh dhúshlán an dícharbónaithe a bhaint amach. Tá buiséad an Aontais ar cheann de na nithe is mó a spreagann iomaíochas na hEorpa agus oibreoidh mé le Comhaltaí ábhartha eile den Choláiste chun a áirithiú go ndíreofar infheistíocht ar bhonneagar agus tosaíochtaí Eorpacha maidir leis an nglan-nialasacht. Leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, beidh deis ann tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hiarrachtaí sin trí iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa a neartú agus trí aistriú cóir a áirithiú. Mar a luaitear sna Treoirlínte Polaitiúla don Choláiste nua, cuirfidh an Coimisiún Ciste Eorpach nua um Iomaíochas ar aghaidh mar chuid dár dtogra le haghaidh buiséad nua treisithe sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. I gcomhréir leis an litir mhisin, ba cheart go dtacódh sé sin leis na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne. Leis an gCiste sin, infheisteofar i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, agus an teicneolaíocht ghlan san áireamh, agus in iarrachtaí dícharbónaithe chun a áirithiú go bhforbróimid teicneolaíochtaí straitéiseacha agus go ndéanfaimid iad a mhonarú anseo san Eoraip. Tá dearadh an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo fós le déanamh. Ar dtús ba cheart machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar mhaith linn maoiniú a thabhairt dóibh, agus ina dhiaidh sin ar an gcaoi is fearr ar féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus na torthaí ar an talamh a uasmhéadú. Fágfaidh sé sin go mbeidh tionchar níos mó ag ár maoiniú. Bainfimid úsáid as cumhacht ár mbuiséid chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach.

Ós beartas cumhachtach idirdhisciplíneach é an beartas iomaíochta, ba cheart go rannchuideodh sé, in éineacht le huirlisí beartais ábhartha eile, leis an gcuspóir uileghabhálach a bhaint amach, is é sin geilleagar iomaíoch athléimneach atá neodrach ó thaobh carbóin de a bheith ann faoi 2050. Chuige sin, is é atá ag teastáil uainn níos

mó iomaíochta, seachas níos lú, i ndáil leis na paraiméadair ábhartha go léir. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé an beartas iomaíochta a nuachóiriú a thuilleadh chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ina éascaitheoir d'iomaíochas chuideachtaí an Aontais, agus san am céanna déanfaidh mé mo dhícheall seasamh leis an smacht reachta agus le prionsabal na córa comhionainne.

*10. An gcreideann tú go n-áirithítear iomaíocht chóir go leordhóthanach ar fud an Aontais leis na rialacha maidir leis an státchabhair atá ann faoi láthair? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go gcuirfear chun cinn leis an gcur chuige nua maidir leis an mbeartas iomaíochta agus leis an gcreat nua Státchabhrach feidhmiú céimneach fuinnimh ghlain agus in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, infheistíochtaí tionsclaíocha agus acmhainneacht mhonaraíochta leordhóthanach na teicneolaíochta glaine, agus spleáchais sheachtracha á dteorannú ag an am céanna, chomh maith le hiomaíochas an Aontais á neartú agus tionscal na hEorpa á chosaint ar iomaíocht sheachtrach éagórach i gcomhréir le rialacha EDT agus an mhargaidh inmheánaigh? Cad é do thuairim ar thorthaí an Choimisiúin maidir le fóirdheonú éagórach feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín agus maidir leis na dleachtanna frithchúitimh sealadacha arna bhforchur ar allmhairí na bhfeithiclí sin? Cad iad na bearta a mholfaidh tú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá roimh FBManna Eorpacha agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga? Cad iad na bearta a mholfaidh tú chun infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh agus seachfhoinsiú gníomhaíochta eacnamaíche agus tionsclaíche thar lear a chosc?*

Mar a chuirtear in iúl sna freagraí ar cheisteanna 3 agus 4, is é an cuspóir a bheidh agam dlús a chur le forfheidhmiú státchabhrach agus é a dhíriú, agus an beartas Státchabhrach a chur in oiriúint a thuilleadh do na cuspóirí fadtéarmacha chun an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun feidhme agus chun rannchuidiú le hiomaíochas na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, mar a luaitear i dtuarascáil Draghi, ba cheart dúinn leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh na rialacha maidir le Státchabhair a cuireadh i bhfeidhm chun freagairt do na géarchéimeanna agus bunaithe ar an gcabhair chomhordaithe a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais chun an riosca a bhaineann le hilroinnt an Mhargaidh Aonair a theorannú.

Ar bhonn níos leithne, déanfaidh mé forfheidhmiú na hiomaíochta a nuachóiriú agus a neartú a thuilleadh, rud a áiritheoidh go dtacóidh sé le cuideachtaí Eorpacha a bheith nuálach, iomaíoch agus ceannródaíoch ar fud an domhain agus go rannchuideoidh sé le cuspóirí níos leithne an Choimisiúin seo.

Creidim san iltaobhachas. Cuid den réiteach maidir le rathúnas domhanda is ea athchóiriú a dhéanamh ar EDT. Ba cheart dúinn leanúint d'iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a chosaint trí úsáid a bhaint as raon iomlán bhosca uirlisí an Choimisiúin chun dul i ngleic le dúshláin an gheilleagair dhomhanda. Mar shampla, déanfaidh mé an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhorfheidhmiú go dian chun an Margadh Aonair a chosaint ar fhóirdheontais shaobhacha ó thíortha lasmuigh den Aontas chun cothrom iomaíochta a áirithiú do gach cuideachta atá ag feidhmiú sa Mhargadh Aonair, agus fanacht oscailte do thrádáil agus d'infheistíocht le tríú tíortha san am céanna. Áiritheoidh mé go gcuirfear an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha chun feidhme ar bhealach comhleanúnach leis na huirlisí ábhartha eile go léir atá inár mbosca uirlisí chun ár gcuspóirí coiteanna a bhaint amach. Thairis sin, oibrímid freisin chun cothrom iomaíochta domhanda a athbhunú trí chóineasú na rialacha iomaíochta i bhfóraim eile lasmuigh de EDT, amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus an Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht.

Ní mór dúinn a áirithiú go leanfar d'fheithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh san Aontas agus go gcaomhnóimid cumais mhonaraíochta an Aontais in earnáil atá ríthábhachtach d'aistriú glas an Aontais agus dár gcuspóirí aeráide. Bhí imscrúdú frith-fhóirdheontais na bhfeithiclí ceallra-leictreacha bunaithe ar fhíorais agus fianaise láidir agus rinneadh é i gcomhréir le rialacha EDT. Tá an Coimisiún ag obair chun teacht ar réiteach caibidlithe i gcás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, réiteach éifeachtach in-fhorfheidhmithe atá comhlíontach ó thaobh EDT de. Ní féidir an cás sin a chur in ionad ár straitéise tionsclaíche mótarfheithiclí. Ag féachaint chun cinn, ní mór dúinn plé straitéiseach níos leithne a dhéanamh faoi thodhchaí an tionscail mótarfheithiclí san Aontas trí na huirlisí beartais uile atá inár mbosca uirlisí a úsáid ar bhealach comhleanúnach, d'fhonn aistriú a bhaint amach agus slabhra luacha atá glas, iomaíoch agus dea-fheidhmiúil a áirithiú sa tionscal mótarfheithiclí san Eoraip.

Maidir le FBManna, tá sé ríthábhachtach páirt a thabhairt dóibh chun go n-éireoidh le haistriú glan digiteach na hEorpa. Sin an fáth a gcuireann na rialacha maidir le Státchabhair níos mó solúbthachta ar fáil do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do FBManna, mar shampla le maoiniú riosca agus le leibhéil níos airde cabhrach i gcoitinne. Thairis sin, cosnaíonn rialú cumasc an Aontais FBManna trí chosc a chur ar mhéaduithe ar phraghsanna agus ar chaillteanas cáilíochta agus nuálaíochta. Forfheidhmiú láidir in aghaidh trustaí agus cairtéal, cuidíonn sé le FBManna a chosaint ar a bheith brúite amach as an margadh ag gnólachtaí ceannasacha agus áirithíonn sé gur féidir leo tairbhe a bhaint as rochtain chothrom ar mhargaí, rud a théann chun tairbhe do pháirtithe leasmhara

agus do thomhaltóirí. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, ar chuir Uachtarán an Choimisiúin an sainmhíniú ar FBManna de chúram air, sainmhíniú a thógfaidh ar léargais na meastóireachta a rinneadh le déanaí. Tosaíocht thábhachtach a bheidh ann rannpháirtíocht FBManna agus rochtain ar Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne a éascú a thuilleadh. Thairis sin, áiritheoidh mé go mbeidh forfheidhmiú éifeachtach in aghaidh trustaí fite fuaite le forfheidhmiú dian an Ghnímh um Margaí Digiteacha, chun a áirithiú go mbeidh fíordheis ann go n-éireoidh le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta na hEorpa sna margaí sin.

*11. Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat chun praghsanna fuinnimh a laghdú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus chun deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise? Cad a dhéanfaidh tú chun dlús a chur leis an deireadh le hallmhairí gáis ón Rúis de réir a chéile? Cad iad na gnéithe is mó is cúis le luaineacht praghsanna fuinnimh san Aontas, dar leat, agus cad iad na bearta nithiúla ba cheart a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh praghsanna iomaíoch, freagrúil don mhargadh agus inacmhainne? Conas a áiritheoidh tú go mbainfidh gnólachtaí agus teaghlaigh tairbhe as na costais táirgthe níos ísle a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite? Cén ról ba cheart a bheith ag IPCEInna i ndáil le táirgeadh fuinnimh agus idirnascacht agus conas is féidir teacht ar chistiú breise chun iad a chur chun feidhme? Cad é do thuairim ar ról na neodrachta teicneolaíche i gcomhthéacs an tsoláthair fuinnimh agus praghsanna fuinnimh? Cad é do thuairim ar fhuinneamh núicléach agus imoibreoirí modúlacha beaga (SMRanna)**?***

Tá praghsanna fuinnimh níos airde agus luaineacha ar cheann de na bacainní is mó ar ár n-iomaíochas agus ar chumas ár dtionscal méadú, mar a chuirtear i dtábhacht i dTuarascáil Draghi. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, stiúrfaidh mé an obair sa Choimisiún Eorpach maidir le fuinneamh inacmhainne agus deireadh a chur lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise, agus tosóidh mé le deireadh a chur de réir a chéile leis an gcuid eile de na breoslaí iontaise a allmhairíonn an tAontas ón Rúis go fóill. Oibreoidh mé le mo chomh-Choimisinéirí, go háirithe leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun borradh a chur faoin infheistíocht i mbonneagar fuinnimh ghlain agus chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh ar fud na hEorpa. Creidim gurb é an straitéis is fearr atá againn chun inacmhainneacht fuinnimh a sholáthar an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chur i gcrích agus Aontas Fuinnimh láidir a thógáil a luaithe is féidir. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne i láthair mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, plean a thabharfaidh aghaidh ar gach comhpháirt de phraghsanna fuinnimh, mar shampla cánachas, margaí airgeadais, forbairt comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí difríochta dhá threo le haghaidh margaí fuinnimh san Eoraip. Cuirfimid treochlár chun cinn freisin chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis. Beidh athbhreithniú ar ailtireacht slándála fuinnimh an Aontais ag gabháil leis sin freisin. Ar deireadh, díreoimid ár n-iarrachtaí ar an athchóiriú a rinneadh le déanaí ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais a chur chun feidhme, ar fhoinsí in-athnuaite sa chóras fuinnimh a leathnú agus ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil.

Tá na milliúin daoine ag baint tairbhe cheana féin as foinsí in-athnuaite fuinnimh saora mar fhéintomhaltóirí nó mar chuid de phobail fuinnimh agus ní mór dúinn a áirithiú go leanfaidh níos mó daoine de bheith ag déanamh amhlaidh. Bhain tomhaltóirí leictreachais tairbhe as laghdú EUR 100 billiún ar phraghsanna idir 2021-2023 de bharr giniúint leictreachais ó ghrianfhuinneamh fótavoltach agus toilleadh gaoithe nuashuiteáilte. Caithfidh sé sin leanúint ar aghaidh agus fás. Áiritheoidh mé go ndéanfaidh na Ballstáit nósanna imeachta um cheadanna níos tapúla agus níos barainní, go laghdóidh siad an t-ualach maorlathach agus go gcuirfidh siad chun feidhme go cuí na forálacha dlíthiúla chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid i bhfoirgnimh nuathógtha agus i bhfoirgnimh athchóirithe. Ba cheart ár gcánacha agus ár mbeartais phraghsála maidir le húsáid fuinnimh a ailíniú lenár n-aidhmeanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha agus, san am céanna, rannchuidiú lenár mbearna iomaíoch a dhúnadh. I dtaca leis an aidhm sin, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

Creat rialachais a leagan amach a bheidh oiriúnach do chóras fuinnimh Eorpach atá solúbtha, comhtháite agus digitithe, beidh sé sin ríthábhachtach chun claochlú agus dícharbónú ár meascáin giniúna a chur i gcrích. Sin an fáth a dtabharfaidh mé aird ar leith ar an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Rialachas.

An méadú ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, tá eangach leictreachais uasghrádaithe ag teastáil dó sin, chomh maith le solúbthacht soláthair agus éilimh agus réitigh stórála chun na tairbhí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite saor a scaipeadh am ar bith den lá. Oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun treochlár straitéiseach don digitiú agus don intleacht shaorga san earnáil fuinnimh a chur i láthair. Bainfimid leas freisin as creat na nGréasán Fuinnimh Tras-Eorpach chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do phríomhbhonneagar fuinnimh trasteorann le haghaidh tionscadal mar thionscadail leasa choitinn. Cuideoidh mé go gníomhach freisin leis na príomhthionscadail bhonneagair sin a chur chun feidhme trí Ghrúpaí Ardleibhéil an Choimisiúin um chomhar réigiúnach. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an idirnascacht ar fud eangacha na

mBallstát, ní hamháin chun an t-aistriú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla ach chun na tairbhí a scaipeadh ar fud na hEorpa freisin.

Is uirlis ríthábhachtach iad Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) chun comhinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí agus bonneagair na todhchaí, rud a ghineann nuálaíocht agus fuinneamh tionsclaíoch agus iarmhairtí dearfacha do gheilleagar na hEorpa i gcoitinne. Is é sin is bonn lena gcomhoiriúnacht le Státchabhair. Tá siad ríthábhachtach chun réitigh Eorpacha a chur ar fáil agus chun go dtacóidh na Ballstáit le tionscadail bonneagair fuinnimh rochtana oscailte, má mheastar go bhfuil tábhacht mhór ag baint leo ar leibhéal an Aontais. Maidir le giniúint fuinnimh, is féidir le IPCEInna cuidiú le dlús a chur leis an leibhéal nuálaíochta sna teicneolaíochtaí glana éagsúla agus éifeachtúlacht fuinnimh nó acmhainní, mar shampla, a mhéadú in earnálacha éagsúla (mar shampla an IPCEI ceadaithe maidir le teicneolaíochtaí néalríomhaireachta agus imeall-ríomhaireachta). Spreagann rialacha IPCEI cómhaoiniú beart náisiúnta le cistí an Aontais agus féadfaidh siad tairbhe a bhaint as cistiú a atreoraítear faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Ba cheart don Chiste Eorpach um Iomaíochas atá ar na bacáin tacú le IPCEInna.

Beidh mé ag brath ar an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 atá molta agus ar thorthaí an Mheasúnaithe Tionchair mhionsonraithe a ghabhann léi. Teastaíonn an éifeachtúlacht is mó is féidir uainn maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí éagsúla, idir theicneolaíochtaí aibí agus nuatheicneolaíochtaí a d’fhéadfadh tacú leis an Aontas dícharbónú a bhaint amach i ndiaidh 2030, agus roghanna na mBallstát maidir leis an meascán fuinnimh á n-urramú san am céanna, i gcomhréir le hAirteagal 194 den Chonradh.

Maidir le cumhacht núicléach ísealcharbóin, is ábhar suntais é gur sheol an Coimisiún Comhghuaillíocht Thionsclaíoch i mí na Feabhra 2024 chun comhar idir páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais a éascú, chun dlús a chur le húsáid Imoibreoirí Modúlacha Beaga agus chun slabhra soláthair láidir san Aontas a áirithiú, agus lucht saothair oilte san áireamh. Ar an gcaoi sin bainfear leas as acmhainneachtaí monaraíochta agus nuálaíochta an Aontais chun dlús a chur le húsáid na gcéad tionscadal Imoibreoirí Modúlacha Beaga san Aontas faoi thús 2030 faoi na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, bainistiú dramhaíola, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus iomaíochas tionsclaíoch.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta</u>

*12. Le do shainchúraimí clúdaítear an t-aistriú glan, cóir agus iomaíoch, nach mór, de réir do litreach misin, a bheith ‘ar mhaithe le daoine agus lena bpoist’. Mar sin féin, is ar éigean a luaitear na gnéithe sóisialta den aistriú cóir i do chuid freagrachtaí. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat oibriú i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe Roxana Mînzatu? Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go gcosnófar na teaghlaigh is leochailí agus go rachaidh an t-aistriú chun tairbhe d’oibrithe, go ndéanfar a gcearta a urramú agus a chur chun cinn agus nach bhfágfar aon duine ar lár? An gcuirfidh tú tionscnamh ar fáil maidir le hathruithe ar shaol na hoibre a thuar agus a bhainistiú, i gcomhthéacs an Aistrithe Chóir?*
*Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú sa chlár oibre maidir le rialáil níos fearr chun acquis dhlí saothair an Aontais a áirithiú agus chun cearta fostaíochta agus caighdeáin shóisialta níos fearr a áirithiú?*
*Go háirithe, i bhfianaise na bPleananna Aeráide Sóisialta náisiúnta a bhfuiltear ag súil leo faoi mhí an Mheithimh 2025, conas a áiritheoidh tú nach amháin go gcuirfear tacaíocht ghearrthéarmach ar fáil do theaghlaigh leochaileacha leis an gCiste Aeráide Sóisialta ach go spreagfar athruithe fadtéarmacha leis freisin lena ndéanfar daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair? Agus deireadh ag teacht leis an gCiste um Aistriú Cóir in 2027, cad iad na bearta sonracha atá beartaithe agat chun cabhrú le cuideachtaí agus oibrithe sa chlaochlú i dtreo na haeráidneodrachta? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat rannchuidiú le hAontas na Scileanna?*

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé chun a áirithiú go mbeidh cuspóirí aeráide, eacnamaíocha agus sóisialta fite fuaite le chéile, agus díreoidh mé ar na daoine is leochailí a chosaint, agus muid ag dul chun cinn le chéile ionas gur féidir le gach duine na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú a thapú, agus aistriú atá dírithe ar dhaoine a chur chun cinn. Tacóidh an Comhaontú nua maidir le Tionsclaíocht Ghlan le tionscail inbhuanaithe iomaíocha agus cuirfear poist ardcháilíochta chun cinn san am céanna. Ina theannta sin, áiritheofar aistriú cóir tríd an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán, atá le forbairt ag an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht leis na comhpháirtithe sóisialta. Tacóidh sé le pá cothrom, le hardchaighdeáin maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, le dálaí maithe oibre, le hoiliúint agus le haistrithe córa poist d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, go háirithe trí chumhdach cómhargála a mhéadú.

Chun a áirithiú go gcosnófar na teaghlaigh is leochailí agus nach bhfágfar aon duine ar lár, beidh mé ag obair leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht ar an gcéad Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta riamh a bheidh ag an Aontas. Leis an straitéis sin, tabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna na bochtaineachta ar bhealach cuimsitheach. Tá sé ríthábhachtach rochtain ar sheirbhísí riachtanacha, fuinneamh agus iompar cuir i gcás, a áirithiú chun aistriú glas cothrom a ráthú. Beidh ról ríthábhachtach ag an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne atá ar na bacáin freisin maidir le tacú le hathchóirithe agus le rochtain ar thithíocht inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh.

Cuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta tacaíocht ar fáil do theaghlaigh leochaileacha, d'úsáideoirí iompair leochaileacha agus do mhicrifhiontair leochaileacha chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an Chórais Trádála Astaíochtaí nua ar fhoirgnimh agus ar iompar de bhóthar (ETS2), go háirithe maidir le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun clársceidealú agus cur chun feidhme an Chiste Shóisialta Aeráide a threorú i dtreo aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta ar na grúpaí leochaileacha a ndéanann ETS2 difear dóibh. Cuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach ar fáil agus beidh bearta agus infheistíochtaí san áireamh ann, agus ní mór athrú struchtúrach a bheith mar thoradh ar na bearta, agus tionchair shuntasacha mharthanacha acu. Tá an Ciste Aeráide Sóisialta ceaptha chun athruithe struchtúracha a spreagadh a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh leochaileacha agus chun rannchuidiú leis an iarracht an phríomhsprioc do 2030 a bhaint amach, is é sin an bhochtaineacht a laghdú, sprioc a leagtar síos i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Le linn mo shainordaithe, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht freisin chun aistriú cóir do chách a áirithiú agus chun na dálaí cearta a chruthú do chuideachtaí chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach. Mar a fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta 2024 maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas, cuirfidh an Coimisiún Faireachlann um Aistriú Cóir ar bun chun faireachán ar dhul chun cinn a éascú. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin anailís ar na creataí ábhartha atá ann cheana agus fiosróidh siad conas is féidir fís chomhpháirteach réamhghníomhach a chur chun cinn mar chuid de phróisis fhadtéarmacha athraithe, fís ina bhfuil conairí réalaíocha. Tacóidh mé freisin lena hobair i réimse dhlí an tsaothair
chun a áirithiú go mbíonn daoine agus a bpoist i gcónaí i gcroílár ár ngeilleagair shóisialta margaidh, fiú agus forbairt ag teacht ar ár dtionscail agus ár ngeilleagair.

Tá scileanna ríthábhachtach dár n-iomaíochas agus d'aistriú glan agus cóir. Beidh an Comhshocrú um Scileanna, agus faisnéis faoi dhea-scileanna ina gcuid thábhachtach d'Aontas na Scileanna, agus beidh ról lárnach acu maidir leis na scileanna cearta a sholáthar do thionscail chriticiúla. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun cur leis an obair den scoth a dhéanann na Comhpháirtíochtaí Mórscála faoin gComhshocrú um Scileanna, ag tacú le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe.

Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

*13. Tá comhdhearcadh leathan ann go bhfuil creidiúnacht an Aontais ag brath ar fhorfheidhmiú éifeachtach a rialacha, lena n-áirítear an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Cad iad na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin atá agat ina leith sin agus conas a áiritheoidh tú an forfheidhmiú tráthúil agus éifeachtach a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí an Aontais agus a chuirfidh le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh? Ós rud é go mbaineann ardleibhéal castachta leis an obair sin, conas a áiritheoidh tú go mbeidh acmhainní oilte leormhaithe agus gníomhaíocht chomhordaithe ann laistigh den Choimisiún Eorpach?*

Ceann de na tosaíochtaí a bheidh agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, is ea a áirithiú go ndéanfar uirlisí nua amhail an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go gcuirfidh siad fíor-bhreisluach ar fáil do thomhaltóirí agus gnólachtaí an Aontais. Is é is aidhm do na huirlisí sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh gheilleagar an Aontais, dúshláin atá ag dul i méid. Tá sé i gceist agam an Gníomh um Margaí Digiteacha a fhorfheidhmiú, gníomh a fhorchuireann oibleagáidí ar na hardáin dhigiteacha is mó, agus áiritheofar ar an gcaoi sin go n-oibreoidh na hardáin sin ar bhealach cóir atá fabhrach don iomaíocht. Ar an gcaoi chéanna, is é an tosaíocht is airde a bheidh agam forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha, rialachán a chuireann ar a chumas don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar shaobhadh de dheasca fóirdheontais a dheonaíonn tíortha lasmuigh den Aontas do chuideachtaí a oibríonn sa Mhargadh Aonair. Cuireann sé sin ar a chumas don Aontas cothrom

iomaíochta a áirithiú do gach cuideachta atá ag feidhmiú sa Mhargadh Aonair, agus fanacht oscailte don trádáil agus don infheistíocht san am céanna.

Maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, beidh trí ghné thábhachtacha ina dtreoir agam agus mé ag cur mo chuid oibre leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Theicneolaíoch, Slándáil agus an Daonlathas in ord tosaíochta. Ar an gcéad dul síos, chun éiceachórais dhúnta a oscailt, bíodh siad fóin phóca, cuardaigh ar líne nó margaí ar líne. Tabharfaidh sé sin deis do ghnólachtaí beaga nuálacha seirbhísí nua a chur ar fáil do thomhaltóirí. Le himeacht ama tabharfaidh sé an deis dóibh a ndúshlán a thabhairt do gheatóirí seanbhunaithe ina bhfearann féin. Ar an dara dul síos, roghanna a thabhairt do thomhaltóirí. Is rómhinic a fhorchuireann geatóirí a dtéarmaí agus a gcoinníollacha féin ar thomhaltóirí, agus iad ag maíomh nach bhfuil aon rogha mhalartach maith a dóthain. Ar an tríú dul síos, a áirithiú gur leis na daoine a ghineann sonraí na sonraí sin. Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid sonraí a iompar cibé áit ar mian leo, agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad ag iarraidh go n-úsáidfí a gcuid sonraí pearsanta le haghaidh fógraí nó nach n-úsáidfí. Na sonraí atá á nginiúint ag tomhaltóirí a cheannaíonn ó cheannaithe a dhíolann a gcuid táirgí ar mhargaí ar líne, níor cheart do gheatóirí na sonraí sin a úsáid nuair a théann siad in iomaíocht leis na ceannaithe sin ar a n-ardán féin. Is mian liom saoránaigh agus gnólachtaí Eorpacha a chumhachtú ina saol digiteach, agus, chuige sin, ceanglóidh mé go n-urramóidh geatóirí a n-oibleagáidí faoin nGníomh um Margaí Digiteacha. Mura ndéanann siad amhlaidh, ní bheidh aon drogall orm úsáid a bhaint as na huirlisí ar fad a chuirtear ar fáil leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, cuir i gcás fíneálacha nuair is iomchuí.

I ndáil leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhorfheidhmiú, an dá mhodh forfheidhmiúcháin atá ann, baineann siad le comhchruinnithe agus imscrúduithe *ex officio*. Maidir le comhchruinnithe a bhaineann le fóirdheontais eachtracha, glacfaidh mé cur chuige dian i leith idirbhearta a bhaineann le fóirdheontais ó thíortha lasmuigh den Aontas, agus ní bheidh aon drogall orm leas a bhaint as cumhachtaí iomlána na huirlise nua sin i gcás inarb iomchuí, agus cásanna ina bhfaightear sprioc-chuideachtaí Eorpacha ar bhealach atá fóirdheonaithe go héagórach san áireamh. Agus maidir le himscrúduithe *ex officio* (is é sin imscrúduithe ar thionscnamh an Choimisiúin féin), leanfaidh mé ar aghaidh leis na réamh-imscrúduithe atá ar siúl faoi láthair. Agus na rialacha á n-urramú go hiomlán agam, ní féidir liom réamhbhreith a dhéanamh ar thoradh na n-imscrúduithe sin ag an gcéim seo. Agus ar ndóigh, áiritheoidh mé go ndéanfaimid faireachán leanúnach ar chásanna nua ar gá gníomhaíocht *ex officio* a dhéanamh ina leith, agus, nuair is iomchuí, go n-osclóimid imscrúdú. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, tá sé ar intinn agam ár n-iarrachtaí *ex officio* a dhíriú ar na hearnálacha is mó a ndéantar difear dóibh agus ar na cineálacha fóirdheontas eachtrach is mó atá díobhálach d'iomaíocht chóir sa Mhargadh Aonair. Beidh comhordú láidir ag teastáil maidir leis an iliomad gnéithe den Mhargadh Aonair, agus rannchuideoidh mé go gníomhach ionas go mbeidh ár ngníomhaíochtaí ailínithe le príomhthosaíochtaí Eorpacha.

<u>Ceist ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht</u>

*14. De réir na litreach misin comhfhreagraí, beidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch a bheidh ann amach anseo freagrach as an gcreat dlíthiúil le haghaidh spriocanna dícharbónaithe an Aontais agus as cur chun feidhme na reachtaíochta 'Oiriúnach do 55'. Ag an am céanna, is é Coiste TRAN a bhí i gceannas ar obair reachtach na Parlaiminte maidir le dícharbónú an iompair (RefuelEU Aviation, FuelEU Maritime, Athbhreithniú ar an Treoir maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur chun úsáide). Cad é do mheas ar thionchar reachtaíocht an Chomhaontaithe Ghlais ar earnáil an iompair? Cén fhís atá agat chun ollstruchtúr nua maidir le dícharbónú earnáil an iompair tar éis 2030 a ullmhú agus cothrom iomaíochta do chuideachtaí iompair Eorpacha, iomaíochas earnáil iompair na hEorpa agus poist ardcháilíochta agus tharraingteacha san Eoraip á n-áirithiú ag an am céanna? I ndáil leis sin, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat oibriú i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe a bheidh ann amach anseo agus leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht a bheidh ann amach anseo?*

I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ní mór do gach earnáil eacnamaíoch rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá an t-iompar, a bhfuil na hastaíochtaí CO2 a bhaineann leis fós os cionn na leibhéal a bhí ann in 1990, ríthábhachtach chun an gealltanas go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 a bhaint amach. Tá creat beartais cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Aontas, an pacáiste 'Oiriúnach do 55' san áireamh, chomh maith le Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste as ar eascair, i measc nithe eile, an pacáiste maidir leis an tSoghluaisteacht Ghlas agus Éifeachtúil, agus an pacáiste maidir le hIompar Lasta a Ghlasú chun an t-iompar a dhícharbónú.

Tá an nuálaíocht, an digitiú, cur chun feidhme éifeachtach agus na hinfheistíochtaí is gá ríthábhachtach chun ár bpríomhchuspóirí a bhaint amach. Chun croíghréasán TEN-T a chur i gcrích faoi 2030, chun bonneagar an Aontais

a dhéanamh níos athléimní i gcoinne tubaistí nádúrtha nó gníomhaíochtaí naimhdeacha, chun réitigh nuálacha dhigiteacha ar nós breoslaí iompair inbhuanaithe agus bonneagar luchtaithe a chur in úsáid, chun ár bhflíteanna a nuachóiriú agus chun soghluaisteacht níos cliste i gcathracha a eagrú, tá gá le hinfheistíocht agus pleanáil. Tá tograí curtha chun cinn cheana féin chun feabhas a chur ar úsáid acmhainneachta ár mbonneagair, go háirithe i gcás iarnróid agus uiscebhealaí intíre, agus tá súil agam go dtiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis sin go luath.

Cuireadh de chúram ar an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí dícharbónaithe san Aontas. Tacóidh mé go hiomlán leis an iarracht sin agus déanfaidh mé í a leabú sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. San am céanna, ní mór dúinn an ghné dhomhanda a chur san áireamh. Ní mór an t-aistriú glan a bheith fite fuaite le bearta a chuirfidh feabhas ar iomaíochas domhanda earnáil iompair an Aontais, agus tá an obair leanúnach ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ríthábhachtach i ndáil leis sin.

Beidh ról tábhachtach ag infheistíochtaí poiblí, mar shampla trí chabhair phoiblí atá spriocdhírithe go maith i gcomhréir lenár rialacha maidir le Státchabhair. Ar an gcaoi chéanna, gníomhóidh mé chun cur i gcoinne aon fhóirdheontais agus infheistíochtaí eachtracha a bhféadfadh éifeachtaí saofa a bheith acu agus a d'fhéadfadh ár gcuideachtaí iompair Eorpacha a chur faoi mhíbhuntáiste. Mar sin féin, ní féidir buiséad an Aontais a bheith ar an aon fhoinse infheistíochta amháin. Tacóidh mé le Coláiste na gCoimisinéirí agus é i mbun plé leis na Ballstáit agus leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla chun a áirithiú go léiríonn siad go hiomlán ár gcuspóirí comhaontaithe ina mbuiséid agus ina bpleananna infheistíochta féin. Ina theannta sin ní mór dúinn féachaint ar dheiseanna maoiniúcháin lasmuigh den earnáil phoiblí, agus dá bhrí sin rannchuideoidh mé leis an obair chun foinsí nuálacha cistiúcháin a fhorbairt, rud a d'fhéadfadh infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a dhreasú agus a ghiaráil. Ba cheart an obair sin a dhíriú ar chomhar feabhsaithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun a áirithiú go léireoidh a straitéisí iasachtaithe na riachtanais bheartais is práinní.

Díreoidh an chéad Choimisiún eile ar rochtain ar roghanna iompair inacmhainne a leathnú chuig gach duine san Eoraip. Dul i ngleic leis an mbochtaineacht iompair, beidh sé sin ailínithe leis an gcéad Straitéis Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta dá raibh ann riamh, straitéis a mbeidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht i gceannas uirthi agus a gcuirfidh mé léi go fonnmhar. Oibreoidh an chéad Choimisiún eile freisin ar mhaithe le hardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ag an obair, infheisteoidh sé in athsciliú agus uas-sciliú agus meallfaidh sé níos mó daoine óga chuig an earnáil. In éineacht le Comhaltaí eile den Choláiste, stiúrfaidh mé ár n-infheistíocht agus ár maoiniú in aistriú cóir agus sóisialta sa tsoghluaisteacht freisin, go háirithe tríd an gCiste Aeráide Sóisialta.

Táim réidh chun tacú go hiomlán leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht san obair a leagtar amach thuas agus oibriú i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach</u>

*15. D'ainneoin a bhuiséid mheasartha bhig, ba éacht tábhachtach de chuid an reachtais dheireanaigh é an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ba uirlis bhunriachtanach é do chríocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha rompu a bhaineann leis an aistriú aeráidneodrach. Mar sin féin, cuireadh teorainn lena éifeachtacht mar gheall ar shaincheisteanna maidir le leithdháileadh acmhainní, bacainní riaracháin agus cothromaíocht idir cuspóirí comhshaoil agus sóisialta. Mar thoradh air sin, tá go leor tairbhithe beartaithe, lena n-áirítear na mílte oibrithe ó thionscail diancharbóin ar mór a lorg carbóin, tar éis tacaíocht a chailliúint. Faoi láthair, is gá cuid mhór de leithdháiltí CUAC a ionsú faoi 2026 fós.*

*Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat tacú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha dlús a chur le hionsú agus saoradh na leithreasuithe a chosc, agus breisluach tionscadal á áirithiú ag an am céanna? An bhfuil tú ag smaoineamh ar Chiste um Aistriú Cóir 2 a chruthú, nó an bhfuil sé i gceist agat a chuspóirí a ionchorprú i gcistí eile an bheartais comhtháthaithe, agus prionsabal an aistrithe chóir á chur i bhfeidhm go trasnach? An leithdháilfidh tú níos mó acmhainní ar an aistriú cóir? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht ar fáil do na réigiúin agus na hearnálacha is leochailí? An bhfuil sé beartaithe agat na ceanglais maidir le rochtain oibrithe ar thacaíocht a shimpliú? An gcreideann tú gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na dlíthe maidir leis an státchabhair ionas go mbeidh rochtain níos simplí agus níos tapa ar thacaíocht ann?*

*Ar deireadh, an bhfuil sé beartaithe agat tacaíocht an Chiste a leathnú chuig réigiúin, amhail iad siúd a bhfuil an tionscal mótarfheithiclí nó dianfheirmeoireacht acu, agus an cistiú a mhéadú go comhréireach?*

I gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, cuirfimid leis na hiarrachtaí leanúnacha chun tacú leis na réigiúin a ndéanann an t-aistriú glan difear dóibh, má dheimhnítear ár n-ainmniúchán. Tá dul chun cinn seasta á dhéanamh maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a chur chun feidhme, agus tá an ráta roghnúcháin ar leibhéal an chiste ag fás go 25%. Cé go bhfuil tacaíocht bhreise fós de dhíth ar roinnt réigiún CUAC chun a bpleananna críochacha um aistriú a chur chun feidhme, tá an-chuid uirlisí ar fáil agus leanfaidh mé de na Ballstáit a spreagadh chun úsáid a bhaint astu.

Dírítear ar a áirithiú go n-úsáidfear gach ciste go héifeachtach chun cuideachtaí nua a mhealladh, poist a chruthú, agus deiseanna eacnamaíocha nua a chur ar fáil i réimsí atá ag aistriú ó ghual agus ó bhreoslaí iontaise. In éineacht leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, déanfaidh mé mo dhícheall timpeallacht rialála a bhaint amach a chuirfidh ar a gcumas do na páirtithe leasmhara ar fad, agus oibrithe san áireamh, páirt iomlán a ghlacadh i gcistiú an Aontais agus tairbhe iomlán a bhaint as, rud a áiritheoidh go dtacóidh ár mbeartais leis an bhforbairt áitiúil ar bhealach cuimsitheach éifeachtúil.

Rannpháirtíocht ghníomhach na n-oibrithe i gclársceidealú agus cur chun feidhme CUAC, éascaíonn sí sin an rochtain ar chistiú. Mar shampla, an tionscadal ‘Post i ndiaidh thionscal an ghuail’ i bhforéigiún Konin na Polainne, forbraíodh é mar thionscnamh ón mbun aníos leis na ceardchumainn mianaigh ligníte. Is é is aidhm don tionscadal tacú le rannpháirtithe agus iad ar a mbealach i dtreo fostaíocht nua inbhuanaithe trí chúnamh spriocdhírithe a chur ar fáil, cúnamh atá deartha in éineacht le hionadaithe oibrithe. Tacaíonn an tionscadal le hiarfhostaithe mianach agus gléasraí cumhachta a athsciliú agus a uas-sciliú, iarfhostaithe atá thíos leis an deireadh atá á chur de réir a chéile le táirgeadh fuinnimh lignít.

Oibreoidh mé le mo chomhghleacaithe, leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht agus leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia chun measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le réigiúin a bhfuil a bhfuinneamh eacnamaíoch ag brath ar an earnáil gluaisteán nó ar dhiantalmhaíocht. San Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia amach anseo, agus i bplean gníomhaíochta tionsclaíoch an Aontais don earnáil gluaisteán, leagfar amach iontu na bearta is féidir linn a dhéanamh, agus táim ag tnúth le rannchuidiú leis sin.

<u>Ceist ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe</u>

*16. Beidh ról ag an talmhaíocht agus ag an bhforaoiseacht in aistriú glan, cóir agus iomaíoch. Tá siad ar dhá cheann den bheagán earnálacha lena n-astaítear carbón, ach is féidir leo cabhrú go gníomhach freisin le carbón a cheangal, amhábhair in-athnuaite a sholáthar agus an t-athrú aeráide a mhaolú, agus slándáil bia á háirithiú dár saoránaigh ag an am céanna. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta a neartú le linn aistriú cóir? Conas is féidir dreasachtaí a chruthú don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht chun a rannchuidiú mar linnte carbóin a mhéadú agus chun a n-aistriú iomaíoch inbhuanaithe a bhaint amach? Cén chaoi a mbeadh sé i gceist agat cuidiú le feirmeoirí agus foraoiseoirí dul in oiriúint do dhúshláin an athraithe aeráide?*

*Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat ionchais agus rannchuidiú na talmhaíochta a neartú chun cur leis an bhfás socheacnamaíoch agus le feabhsú an chomhshaoil araon, lena n-áirítear trí bhorradh a chur faoi acmhainneacht an bhithgheilleagair, faoin ngeilleagar ciorclach, faoi shlabhraí soláthair bia athléimneacha agus faoi mhodhanna nuálacha?*

Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht maidir lenár slándáil agus lenár neamhspleáchas. Tá na hearnálacha sin ríthábhachtach dár gcomhshaol nádúrtha, agus tá ról lárnach acu sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus i gcruthú bithgheilleagair chiorclaigh faoi 2050. San am céanna, is earnálacha eacnamaíocha iad sin nach mór dóibh a bheith iomaíoch agus inmharthana. Tá ioncam cóir tuillte ag feirmeoirí agus ag úinéirí foraoise, agus ba cheart tacú leo, iad a dhreasú agus luach saothair a thabhairt dóibh as earraí poiblí a sholáthar.

Chun na hearnálacha sin a neartú san aistriú, feidhmíonn pleananna straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) mar uirlis atá dírithe ar fheidhmíocht chun tacaíocht a dhíriú ar fheirmeoirí, agus ar roinnt foraoiseoirí. Sna pleananna atá ann faoi láthair, tá 32% de chistí CBT, sin beagnach EUR 97 mbilliún de leithdháileadh 2023-2027, tiomnaithe do chuspóirí aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe. Sa tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí maidir le pleananna straitéiseacha CBT, a foilsíodh an 30 Meán Fómhair 2024, shainaithin an Chúirt go

gcumasaíonn 'ollstruchtúr glas' Rialacháin na bPleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 uaillmhian chomhshaoil agus aeráide níos fearr in CBT, ach nach mór leas níos fearr a bhaint as an acmhainneacht sin trí phleananna náisiúnta.

Is féidir ról lárnach a bheith ag an Státchabhair freisin chun tacú leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht. Oibreoidh mé leis na Ballstáit chun a chur ar a gcumas dóibh úsáid a bhaint as na rialacha maidir le Státchabhair atá ann cheana lena soláthraítear creat sonrach a athbhreithníodh le déanaí, chomh maith le blocdhíolúine d'earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus do cheantair thuaithe. Leis an gcreat agus an bhlocdhíolúine, atá ceaptha le bheith comhlántach leis an gComhbheartas Talmhaíochta, tugtar raon feidhme leordhóthanach do na Ballstáit chun tacú le feirmeoirí, trí fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus trí thacaíocht a thabhairt d'infheistíocht. Comhlánaítear an bosca uirlisí Státchabhrach le tacaíocht *de minimis* d'earnáil na feirmeoireachta, ar uirlis fhorlíontach í sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, tá sé ar intinn agam a áirithiú go gcuirfear an t-athbhreithniú ar thacaíocht talmhaíochta *de minimis* chun boilsciú a chur san áireamh i gcrích go pras.

Chun iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil na feirmeoireachta a neartú, beidh gá freisin le cur chuige dreasacht-bhunaithe lena gcomhlánófar tacaíocht phoiblí. Cuireadh an méid sin i dtábhacht san Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí na Talmhaíochta san Aontas. Aithníodh san Idirphlé Straitéiseach freisin go bhfuil gá le córas tagarmharcála uile-Aontais mar réamhriachtanas don chur chuige nua maidir leis an inbhuanaitheacht. Leis an Rialachán nua maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin, tá na bunphrionsabail á leagan síos againn le haghaidh margadh nua inbhuanaitheachta trí chur chuige caighdeánaithe a thabhairt isteach le haghaidh deimhniúcháin inbhuanaitheachta ar fud na hEorpa. Ní hamháin go gcumhdaítear aistrithe carbóin leis an Rialachán nua sin, ach cumhdaítear leis freisin an bhithéagsúlacht agus an t-oiriúnú trí aitheantas a thabhairt do chleachtais bhainistíochta a mhéadaíonn an athléimneacht in aghaidh thionchair an athraithe aeráide, a fheabhsaíonn torthúlacht na hithreach agus a chosnaíonn agus a athbhunaíonn an dúlra, agus dá bharr sin cruthaítear sin réitigh a théann chun tairbhe don bhiacheannasacht agus do tháirgiúlacht talún. Mar a luaitear thuas, creidim gur bealach iontach iad creidmheasanna dúlra chun luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as a gcuid seirbhísí agus tacóidh mé leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun an coincheap sin a fhorbairt a thuilleadh.

Maidir le hinbhuanaitheacht san earnáil go sonrach, in 2023 ghlac an Coimisiún Treoirlínte maidir le heisiamh ó Airteagal 101 CFAE le haghaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta sa talmhaíocht. Leis an eisiamh sin, ceadaítear do tháirgeoirí talmhaíochta agus d'oibreoirí eile i slabhra an tsoláthair agraibhia caighdeáin inbhuanaitheachta a chur chun feidhme a théann níos faide ná mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana faoi láthair. Beidh mé réidh chun treoir a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus dá gcomhpháirtithe sa slabhra a chuireann tionscnaimh inbhuanaitheachta chun cinn.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé mo dhícheall Straitéis Bhithgheilleagair nua a ghlacadh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a cumas don Eoraip leas a bhaint as acmhainneacht earnála atá ag dul i méid, agus go n-áiritheofar an t-iomaíochas agus an rathúnas dá bharr sin, ceantair thuaithe san áireamh. Táim tiomanta straitéis a chur i gcrích a chuirfidh creat treorach ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha chun go mbeidh rath orthu san aistriú glas ciorclach.